

## ❖ An Lúibín ❖

23 Mí na Nollag 2005



### Teacht an Linbh

Ar nós na Cásca, is í an Nollaig tús agus deireadh na haimsire: beirtear leanbh agus beirtear ré in éineacht leis; críochnaíonn ré eile ar an bpointe. Tharla sé seo fadó, ach cuirtear á dhéanamh arís é bliain i ndiaidh bliana, á chur i gcuimhne dúinn go bhfuil ciall ar leith le gach breith agus le gach bás.

Tugann breith an linbh úd gealltanais: slánú a chur ar fáil do chách. Gealltanais é a chuir daoine ag marú a chéile, ag brú a dteagaisc féin ar a chéile, ag milleadh dhúchas a gcomharsan; ach tá údarás agus éifeacht leis an ngealltanais fós d'ainneoin na míthuisceana agus na díth céille. B'fhéidir go mbaineann gach duine a bhrí féin as an slánú sin, ach ní bheadh sólas ag roinnt le teacht an tSlánaitheora murach sin. Aithnítear gur mar a chéile sinn ach go gcaithfidh gach duine a bhealach féin a ghabháil.

Tuigeann gach creideamh mór cén tábhacht atá leis an teachtaire – an Fáidh, an saoi, an bolscaire naofa. Deirtear sna Soiscéalta gurbh é Eoin Baiste a d'fhógair teacht Chríost (creideann seict amháin gurbh é Eoin an fear is fearr); ach is é an leanbh féin is mó a dhéanann fógairt agus tairngreacht trí nochtadh sa saol. Múineadh riamh gur athraigh seo an t-am a chuaigh thart agus an t-am a bhí le teacht – eachtra a d'eascair as an neamhamsir sin a dtugtar an tsíoraíocht uirthi agus a chuir brí gan teorainn leis an stair.

Is cuma más Críostaí thú nó duine atá dílis d'fhealsúnacht eile tá an Nollaig tagtha sa mhullach ort, agus bliain úr ina diaidh. Is gearr go mbéarfar an Leanbh, samhailchomhartha na síochána, an tús agus an deireadh.



### Clann le Gaschaint

*The parent with faulty or rusty Irish who is trying to raise an Irish-speaking family has a new tool (or crutch): Gaschaint, a package with words with every occasion.*

Is iomaí duine atá ag déanamh iarrachta ar a chlann a thógáil le Gaeilge (tá duine nó dhó acu le fáil san Astráil féin) agus a dteipeann air an focal ceart a aimsiú nuair is gá. Tá cúnamh ann anois, agus más maith is mithid. Tá an Gúm tar éis *Gaschaint* a chur amach, pacáiste a sholáthraíonn caint do gach ócáid, agus a dhéanann i dtrí chanúint é.

As scéim a cuireadh ar bun i Scoil Naithí i nDún Droma sa bhliain 1995 a d'eascair an pacáiste. Úna Lawlor, bean a mbíodh 'claibhtín i lámh amháin agus foclóir i lámh eile' aici, a chuir tús leis, agus a fhios aici go raibh mórán tuismitheoirí ann a raibh a gcuid Gaeilge lag go leor.

Ar fhoghraíocht agus ar rithim na teanga ba mhó a bhí aird aici, ach ní dhearna sí faillí in abairtí agus i bhfocal a bhain le saol an bhaile agus na scoile – ábhar a fuair sí go flaitiúil ó thuismitheoirí eile agus ó mhúinteoirí. Tá lámhleabhar agus sé dhlúthdhosca ag gabháil leis an

bpacáiste agus cosnaíonn sé 30 euró. Ní nach ionadh, níl sé le fáil in aon siopa san Astráil; ach coinnigh do shúil ar: [www.litriocht.com](http://www.litriocht.com).



### Dílárú

*The towns of Ireland were once agog at the news of the decentralisation of the civil service – a plan with incidental implications for Irish. What has happened since?*

Dhá bhliain ó shin fógraíodh go raibh an Státseirbhís in Éirinn le dílárú. Scéal mór agus toradh beag: na bailte móra a bhí ag tnúth le paca cléireach dá gcuid féin dá bharr tá a gcroí curtha in áit chónaithe acu. Má chuir an mhoill drochmhisneach ar an Aire Éamon Ó Cuív níl a rian sin air; is gearr ó dúirt sé go raibh scata maith óna Roinn féin le scaipeadh faoin tuath. Tá a lán acu le cur go dtí an oifig atá sna Forbacha cheana agus a lán eile le dul go dtí Cnoc Mhuire.

Fágann sin príomhchathair Chonamara: an Clochán. Dealraíonn sé nach bhfuil oiread is cléireach amháin sásta dul ann. Tá na poist fógraithe go náisiúnta anois, toisc nár chuir aon duine den fhoireann a bhí le haistriú isteach ar phost ann.

Tá foirgneamh cuí á lorg i gCnoc Mhuire, agus tá Foras na Gaeilge le haistriú go dtí Gaoth Dobhair, áit a mbíodh ina Gaeltacht láidir agus atá chomh lag anois le Gaeltacht ar bith eile. Ní cosúil gur treise an teanga ar Foras a bheith ann feasta – tá Gaeltacht Gaoth Dobhair beo ar chuimhní agus ar chluí an tseansaoil – ach cuirfear roinnt pingíní breise á gcaitheamh ann, agus ní drochscéal é sin.

Níl le déanamh anois ach córas iompair phoiblí a chur ar fáil atá inchomórtais lena leithéid sa chuid eile d'Iarthar Eorpa, gan trácht ar an Astráil. Is deacair a thuiscint conas is féidir a bheith ag caint ar dhílárú gan aird ar leith a thabhairt ar ghréasán iarnbhóithre, rud a bhí ann tráth agus nach bhfuil ann de anois ach iarsmaí seandálaíoch. Rachadh a leithéid ar sochar don Éireannach agus don chuariteoir araon; is iomaí duine arbh fhearr leis dul ag obair i gcarráiste compordach ná an ghnáthmhoill sa ghnáthscaoine. Ach sin bronntanas nach mbeidh le fáil an Nollaig seo.



Nóta ó Phádraig Mac Fhearghusa, file agus eagarthóir, i dtaobh comórtas filíochta.

### **Duais Cholm Cille, 4,000 euró**

De thoradh cúnaimh fial urraíochta ó Iomairt Cholm Cille, tá áthas ar Fhéile Idirnáisiúnta Filíochta Bhéal Átha na mBuillí a fhógairt go dtairgeofar duaiseanna luachmhara filíochta arís eile ar dhán i nGaeilge nó i nGàidhlig na hAlban nó i Manannais. Is fiú 4,000 euró an chéad duais, an sórt airgid nach mbíonn le fáil ach ag filí an Bhéarla de ghnáth. 2,000 euró an dara duais, agus 1,000 euró an tríú duais. Fógófar gearrliosta de sheisear, agus gheobhaidh gach file ar an ngearrliosta 450 euró ar a laghad, nuair a léann siad ag an bhFéile (Aibreán 28 - Bealtaine 1, 2006) i mBéal Átha na mBuillí, Co. Ros Comáin, mar a fhógófar na buaiteoirí. Beirt díobh san is mó cáil i saol na filíochta Gaelaí iad na breithiúna, Nuala Ní Dhomhnaill na hÉireann agus Aonghas MacNeacail na hAlban. An spriocdháta iontrála ná 15 Feabhra 2006. Is fiú go maith d'fhíle nó do dhamhna file ar bith, agus gan ach 5 euró / £4 mar tháille iontrála an dán, scata saothar a sheoladh isteach. Ná bac rásaí capall an tSathairn! Seoltar na céadta dréacht (70 líne an ceann ar a mhéid) go dtí Strokestown International Poetry Festival - Sráid an Bháin, Béal Átha na mBuillí, Co. Ros Comáin, Éire, nó is féidir foirmeacha agus eolas a íoslódáil ag: [www.strokestownpoetryprize.com](http://www.strokestownpoetryprize.com)

## **Teangaireacht**

*Official recognition of Irish in the EU has meant a new demand for interpreters and translators, a demand which Ireland has failed to meet. And even at home the cost of translation is proving contentious.*

Tá dealramh suimiúil idir Éire agus Málta seachas iad a bheith ina n-oileáin imirce: tá ag teip orthu araon teangairí a fháil chun dul ag obair sa Bhruiséil.

Tá an Ghaeilge le bheith ar an aonú teanga is fiche de chuid an Aontais Eorpaigh ó thús na bliana seo chugainn, ach is baolach go mbeidh moill air cheal daoine a bhfuil an cháilíocht tríú leibhéal sa teangaireacht acu. Is leasc le feidhmeannaigh an AE dochar a dhéanamh do stádas na teangaireachta trí dhaoine gan cháilíochtaí chuí a chur ag obair ann. Mhol feisire Éireannach go gcuirfí cúrsa tríú leibhéal ar bun go speisialta chun daoine a bhí oilte ar aistriú na Gaeilge a chur ar fáil.

Ón mbliain 2007 amach cuirfear Gaeilge ar phríomhreachtaíocht atá ceadaithe ag Comhairle na nAirí agus ag an bParlaimint Eorpach, agus beidh cead ag feisirí agus ag Airí an teanga a úsáid i rith cruinnithe na Comhairle agus lánseisiúin na Parlaiminte. Beidh postanna ann dá bharr ag os cionn tríocha teangaire agus aistritheoir.

Ach tá deacrachtaí ag baint le cúrsaí aistriúcháin sa bhaile freisin. Dúirt an Taoiseach gur chosain sé 683 euró cáipéis áirithe a ullmhú i mBéarla agus 17,000 euró í a aistriú go Gaeilge. Ghlac sé leis nárbh é an costas an taobh ba thábhachtaí den scéal i gcónaí, ach go mb'fhéidir nárbh fhiú Gaeilge a chur ar gach cáipéis oifigiúil. D'fhiafraigh ceannaire páirtí eile nárbh fhearr an t-airgead a thabhairt do TG4. D'admháil ceannaire an Fhreasúra go raibh labhairt na Gaeilge go maith aige ach go loiceadh an peann air, agus nach raibh aon áis ann a ligfeadh d'fheisirí litreacha i nGaeilge a fhreagairt. Ní raibh coimisinéir na Gaeilge ina thost: dúirt sé gur thug an Taoiseach eolas míchruinn don Dáil i dtaobh costas aistriúcháin.

Aontaíonn an Coimisinéir Teanga leis an méid a dúirt an Taoiseach faoin ngá atá ann le costas aistrithe a athbhreithniú. Deir an Coimisinéir, áfach, níor chuimhnigh an Taoiseach ar an am, ar an obair agus ar an gcostas a bhaineann leis an mbunleagan Béarla. Agus mar fhocal scoir: 'Luath nó mall, caithfear glacadh leis go bhfuil ceangal idir éileamh agus cearta agus tá dúshlán anois roimh phobal na Gaeilge a chruthú go bhfuil éileamh ann do na seirbhísí seo'.



## **Chun na hIndiacha soir**

*Along the western coast of Australia are the wrecks of Dutch ships. The Dutch East India Company was the greatest international trader of the 17<sup>th</sup> century, and was trading still in the 18<sup>th</sup> century, though its power had diminished. It brought the spices of Indonesia to Europe, and to Asia brought bullion, arms, building materials and the other accoutrements of empire. Misfortune and curiosity brought its ships to Australian shores; the beneficiaries are Australian archaeologists. And even northern wrecks can cast light on the empire of the Indies.*

Sa bhliain 1739 chuaigh long de chuid Comhlacht Ollannach na nIndiacha Thiar, an *Rooswijk*, go tóin poill i Muir nIocht aon lá amháin tar éis di oileán Texel a fhágáil. Cailleadh timpeall 250 mairnéalach agus saighdiúir, agus cailleadh luach na mílte dollar d'airgead bunaidh. Níorbh fhios cár briseadh í go díreach; ní bhfuarthas d'fhianaise ach chófra lán de litreacha ar tháinig iascairí ó Shasana air agus iad ar thóir creiche, agus an raic a scaipeadh ar an trá.

Sa bhliain 2004 tháinig tumadóir Sasanach ar an long bhriste. Ba leis an Ollainn fós í, in éineacht leis an dtaisce: ghlac rialtas na tíre sin seilbh ar an gComhlacht sa bhliain 1798.

Murar tháinig aon duine slán ón mbriseadh d'fhág siad a n-iarsmaí ina ndiaidh – os cionn míle earra, gan trácht ar an lasta. Thit na deiceanna anuas ar a chéile agus meascadh a raibh ann trína chéile, ach rinne na seandálaithe amach go raibh clocha snoite ann, lanna claímh agus leathánaigh chopair, rudaí a bhí á dtabhairt ó dheas go dtí an Bhatáiv, an chathair mhíshláintiúil choilíneach ar tháinig Jakarta na hIndinése ina hionad tamall maith ina dhiaidh sin.

Bhí an t-airgead ar an gcuid den lasta ba mhó a bhain leis an gcoilíneachas: tháinig sé ó mhianaigh Spáinneacha i Meicsiceo, tugadh go dtí Cadiz na Spáinne é, díoladh leis na hOllannaigh é agus rinneadh barraí de. Sa Bhatáiv dhéanfaí boinn áitiúla de chuid de, agus chuirfí an chuid eile chun na Téalainne nó chun Beangáil chun boinn áitiúla eile a dhéanamh.

Bhí na barraí ina gcuid cófraí adhmaid i gcónaí nuair a fuarthas iad, rud fíorneamhchoitianta, agus rud a thugann léargas ar an méid airgid bunaidh a bhí á iompar ar fud an domhain sa 18ú haois chun fiontar an choilíneachais a chothú. Anois tá an t-airgead ar ais i seilbh na nOllannach, agus é mar shamhail den fhiontar úd inár réigiún féin. Bhí suim éigin ag na hOllannaigh san oileán mór a bhí taobh theas de na hIndiacha; rinne siad cuid den chósta a mhapáil, agus sa bhliain 1696 rinneadh taiscealaíocht ar an gcósta thiar féachaint a raibh ábhar trádála ann. Ní raibh: bhí sochar á bhaint as na hIndiacha, agus níorbh fhiú dul sa seans níos faide ó dheas.

Chuaigh a lán long de chuid an Chomhlachta ar seachrán agus briseadh ar chósta na hAstráile iad. An *Batavia* an ceann is cáiliúla acu; briseadh í ar líonán atá ceithre scór míle slí amach ó chósta na hAstráile Thiar, agus níorbh thángthas go hoifigiúil arís uirthi go dtí an bhliain 1963 (fuair iascaire í tamall roimhe sin). Bhí deis ag na seandálaithe a raibh fágtha den chabhail a chur le chéile arís (bhí na cláracha tite ó chéile ar fad) agus neart eolais neamhchoitianta a fháil ar dhéantús na long san Ollainn sa 17ú haois, gan trácht ar shaol agus ar anbhás na ndaoine a tháinig i dtír.

Is iomaí Ollannach a tháinig slán ó bhriseadh loinge ag an am agus a rinne campa ar an gcósta, ag fanacht le cabhair. Tá staidéar déanta ar na campaí sin agus ar an mbriseadh ba chúis leo: rinne an seandálaí Phillip Playford staidéar ar an *Zuytdorp*, a briseadh sa bhliain 1712 ar chósta na hAstráile Thiar, agus is é a thuairim go bhféadfadh fianaise ghéineach a bheith ann i ngeall ar phósadh idir na hOllannaigh agus na Bundúchasaigh. Mhúscail spéis Playford sa scéal nuair a d'inis dráibhéir darbh ainm Tom Pepper dó faoi long bhriste a chonaic sé ag bun na haille in áit iargúlta agus a thaispeáin dó lán mála de bhoinn, de bhúclaí agus eile a fuair sé ann sna fichidí. Thug Playford (a bhí ina gheolaí ag an am) cuairt ar an áit agus tamall ina dhiaidh sin thug foireann ar ais leis chun taighde ceart a dhéanamh. Fuair siad boinn, búclaí agus eochracha, rian na dtinte (go háirithe tine mhór chnámh a lasadh ar bharr na haille), an áit a dtarraingíodh na hOllannaigh uisce, agus carn buidéal briste mar a ndeachaigh cuid acu ar an drabhlás. Tháinig na hOllannaigh i dtír i mí an Mheithimh agus bheadh uisce ann i rith an gheimhridh; scéal eile ab ea é ar theacht an tsamhraidh, agus ní fios cad a tharla dóibh ina dhiaidh sin. Bhí aithne ag Tom Pepper ar chuid de Bhundúchasaigh na háite sna fichidí, agus dúirt siad leis go raibh ball an bhriste faoi gheasa, cé nach ndéarfadís cén fáth. Is cinnte, áfach, go mbeadh scéal iomlán na heachtra ag na seandaoine.

D'eascair seandálaíocht mhara na hAstráile as an staidéar a rinne Iarsmalann Mhara na hAstráile Thiar ar longa a briseadh ar an gcósta sin agus iad ag iompar spíosraí ó na hIndiacha Thoir sa 17ú haois agus san 18ú haois. Sna seachtóidí bhí dochar mór á dhéanamh ag creachadóirí do na longa briste sin, agus shíl an Iarsmalann gurbh éigean iniúchadh iomlán a dhéanamh orthu dá bharr, rud a chuir an Astráil chun tosaigh i seandálaíocht den saghas seo.

Is minic atá na lastliostaí ginearálta le fáil fós i measc buncháipéisí an chomhlachta, ach rinne na lámhdhéantúsáin léiriú nua ar an trádáil idirnáisiúnta sa 17ú haois agus san 18ú haois, agus is féidir leid a fháil uaidh faoi ghnóthaí nach léiríonn na cáipéisí, ar nós na smuigléireachta. Is minic a thug iarsmaí eagraithe na long briste, a bhfuil dáta cruinn curtha leo, agus rudaí dea-chaomhnaithe eile, léargas neamhchoitianta ar chultúr ábhartha na haoise. Tá samplaí le fáil ann de rudaí nach raibh eolas orthu ach trí théacsanna nó trí shaothair ealaíne. Chomh maith leis sin, tá samplaí ganna sna longa seo de theicneolaíochtaí áirithe a bhaineann le loingseoireacht agus eile, agus tá fianaise ann i dtaobh bhealach maireachtála na gceannaithe, na ngnáthphaisinéirí agus na foirne ar bord loinge. <sup>1</sup>

Cuid de mhórán startha atá le fáil in iarsmaí na long sin, iad ina gceangal idir tuaisceart agus deisceart, idir an Eoraip agus an Áise, idir Eorpaigh agus Bundúchasaigh.

Mura mian leat *An Líibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au).

Colin Ryan

---

<sup>1</sup> 'Maritime archaeology in Australia,' Martin Gibbs, in *Archaeology from Australia*, eag. Tim Murray, Australian Scholarly Publishing, Melbourne 2004